



CINNEADH Uimh. 048/26 A

**ó Thionól Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir
le bainistiú taifead agus cartlann [2026/2282]**

TÁ COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 ón gComhairle an 1 Feabhra 1983 maidir le cartlann stairiúil Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a oscailt don phobal ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9 de,

Ag féachaint do Rialacha Nós Imeachta agus Cód Iompair do chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (Bealtaine 2022) ⁽²⁾ (dá ngairtear 'an Coiste' anseo feasta) agus go háirithe Riall 10(2) díobh,

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

- (1) Is iad na taifid atá i seilbh an Choiste is bonn lena fheidhmiú agus leis an obair a dhéanann sé ó lá go lá. Is cuid de shócmhainní an Choiste iad agus is leo a chomhlíontar na feidhmeanna seo a leanas: malartú faisnéise a éascú, fianaise ar na bearta a rinneadh a sholáthar, oibleagáidí dlíthiúla na hinstiúide a chomhlíonadh agus cuimhne an Choiste a chaomhnú. Dá bhrí sin, ní mór na taifid sin a bhainistiú i gcomhréir le rialacha éifeachtacha is infheidhme maidir leis an bhfoireann agus na ranna uile.
- (2) Coinníonn an Coiste taifid a chruthaítear, a fhaightear agus a bhainistítear le linn a ghníomhaíochtaí nó a bhaineann leo. Déanfar gach taifead, gan beann ar a bhformáid ná ar an timpeallacht theicneolaíoch ina ndéantar iad a bhailiú, a chruthú nó a ghiniúint, a ghabháil, a chlárú agus a chaomhnú i stóras leictreonach oifigiúil taifead.
- (3) Leagtar amach sna forálacha maidir le bainistiú taifead agus cartlann prionsabail chun an méid seo a leanas a áirithiú: taifid a chruthú, a fháil agus a chaomhnú nó a dhíothú go cuí, mar aon le ceadú agus cur ar fáil na dtaifead sin; barántúlacht, iontaofacht, sláine agus inléiteacht na dtaifead agus na meiteashonraí a ghabhann leo le himeacht ama; sainaitheint gach taifid mar aon le hasbhaint agus leithdháileadh meiteashonraí, ionas gur féidir é a chomhdú, a chuardach agus a rianú go héasca; struchtúr chórais bhainistíochta taifead agus cartlann an Choiste, maille leis na stórais leictreonacha agus na stórais le haghaidh meáin analógacha atá aige, a fhorbairt, a chothabháil agus a nuashonrú.
- (4) Is éard is aidhm do na prionsabail sin saolré thaifid an Choiste a chumhdach, is cuma cén meán ina bhfuil siad.
- (5) Cuidíonn bainistiú agus cartlannú comhsheasmhach na dtaifead le hoibleagáidí trédhearcachta an Choiste a chomhlíonadh, go háirithe trí rochtain phoiblí ar dhoiciméid a éascú.
- (6) Ba cheart forálacha maidir le bainistiú taifead agus cartlann a ailíniú leis an oibleagáid rochtain a thabhairt ar dhoiciméid atá i seilbh an Choiste i gcomhréir leis na prionsabail, na socruithe agus na teorainneacha a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, arna chur chun feidhme le Cinneadh Uimh. 603/2003 ón gCoiste.
- (7) Cruthaíonn agus coinníonn an Coiste a chartlanna stairiúla ar bun agus cuireann sé ar fáil don phobal iad i gcomhréir le Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/1983 ón gComhairle.

⁽¹⁾ IO L 43, 15.2.1983, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1983/354/oj>.

⁽²⁾ IO L 149, 31.5.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/proc_rules/2022/531/oj.

⁽³⁾ Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2001/1049/oj>).

- (8) Faoi Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ ⁽⁵⁾, ceanglaítear ar an gCoiste faisnéis a chur ar fáil d'ábhair sonraí maidir le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leo agus a gcearta mar ábhair sonraí a urramú. Mar sin féin, ba cheart don Choiste cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta sin agus na cuspóirí maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir leis an dlí maidir le cosaint sonraí.
- (9) Déantar foráil in Airteagal 16(5)(b) agus in Airteagal 19(3)(d) de Rialachán (AE) 2018/1725 maidir le heisceachtaí ar cheart na n-ábhar sonraí chun faisnéise agus maidir leis an gceart go ndéanfaí sonraí a léirscriosadh i ndáil le sonraí a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail. Ba cheart feidhm a bheith ag na heisceachtaí sin ar chearta na n-ábhar sonraí i bprionsabal i gcomhthéacs chartlanna stairiúla an Choiste, ós comhthéacs sonrach é, agus cineál an chartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail i gcomhréir leis an dlí maidir le cosaint sonraí á chur san áireamh. Chun na cearta sin a dheonú, bheadh ar an gCoiste iarracht dhírereach a dhéanamh, rud nach mbeadh ar a chumas, go háirithe a luaite a bheadh na comhaid agus na taifid sin aige a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan aistrithe chuig a chartlanna stairiúla. Thairis sin, dá ndéanfaí sonraí pearsanta atá i dtaifid den sórt sin, go háirithe, a léirscriosadh, bhainfí an bonn de bhailíocht, sláine agus barántúlacht chartlanna an Choiste, rud ba bhac tromchúiseach dá réir ar bhaint amach na gculpóirí maidir le cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.
- (10) Ba cheart don Choiste foráil a dhéanamh maidir le maoluithe faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí dá dtagraítear in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725 ⁽⁶⁾.
- (11) Chun an chosaint is fearr is féidir a thabhairt do chearta agus saoirsí na n-ábhar sonraí agus i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2018/1725, ba cheart dul i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí an Choiste a luaite is féidir sula gcuirfear aon mhaolú i bhfeidhm faoin gCinneadh seo.
- (12) Ba cheart rialacha an Choiste maidir le taifid agus cartlannú a bheith i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí, ceanglais maidir le trédhearcacht agus rochtain ar dhoiciméid, chomh maith le creataí ábhartha eile maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe ar fud an Aontais amhail eIDAS ⁽⁷⁾,
- (13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir leis an gCinneadh seo agus thug sé tuairim uaidh an 9 Eanáir 2026.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an gCinneadh seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) taifid agus cartlanna an Choiste a bhainistiú;

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj>).

⁽⁵⁾ Riail 10(2) 'Beidh dlínse iarmharach ag an Tionól: is leis an Tionól gach cumhacht nach dtugtar do chomhlacht eile sna Rialacha Nós Imeachta, sa Chód Iompair ná i Reachta na gComhaltai'.

⁽⁶⁾ Airteagal 13: 'Coimircí i ndáil le próiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh – Próiseáil chun cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, chun críocha taighde eolaíoch nó stairiúil nó chun críocha staidrimh, beidh sí faoi réir coimircí iomchuí ó thaobh chearta agus shaoirsí an ábhair sonraí de i gcomhréir leis an Rialachán seo. Leis na coimircí sin, áiríteofar go mbeidh bearta teicniúla agus eagraíochtúla i bhfeidhm go háirithe chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslghdaithe sonraí a urramú. Féadfar a áireamh ar na bearta sin ainm bréige a chur i bhfeidhm, ar choinníoll gur féidir na críocha sin a chomhlíonadh ar an mbealach sin. I gcás inar féidir na críocha sin a chomhlíonadh trí thuilleadh próiseála, ar próiseáil í sin a fhágann nach féidir na hábhair sonraí a shainaithint nó nach féidir iad a shainaithint a thuilleadh, is ar an mbealach sin a chomhlíonfar na críocha sin'.

⁽⁷⁾ Rialachán eIDAS: Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbhearta sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj>).

- (b) cartlanna an Choiste a chaomhnú agus a oscailt don phobal agus cartlanna stairiúla an Choiste a thaisceadh i gCartlanna Stairiúla an Aontais Eorpaigh san Institiúid Ollscoile Eorpach (IOE) i bhFlórans na hIodáile;
- (c) an rialachas, na ról agus na freagrachtaí a bhaineann le cur chun feidhme na bhforálacha maidir le bainistiú taifead agus cartlann.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir le taifid agus cartlanna atá i seilbh fhoireann an Choiste, lena n-áirítear a chomhlachtaí – agus comhaltaí den Choiste – nó na comhlachtaí agus na heintitis eile atá ina gcuid den Choiste nó arna mbunú aige, is cuma cén fhormáid nó cén meán ina bhfuil siad (e.g. formáid pháipéir, meán digiteach, optúil, fuaime nó fótagrafach).
2. Tá feidhm ag an gCinneadh seo maidir leis na taifid uile atá i seilbh an Choiste, lena n-áirítear na taifid sin arna gcruthú nó arna bhfáil, i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an Choiste, ag na ranna arna gcomhroinnt le Coiste Eorpach na Réigiún ('na Comhsheirbhís').
3. Bunóidh an t-oifigeach bainistíochta doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 20 comhaontú i gcomhar lena mhacasamhail i gCoiste Eorpach na Réigiún maidir le nósanna imeachta agus cleachtais choiteanna agus/nó chomhordaithe, chun neamhréir, éiginnteacht agus coinbhleacht i mbainistiú taifead agus cartlann a sheachaint.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críoch an Chinnidh seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn 'taifead' faisnéis, a fhaightear agus a chruthaítear i bhfoirm doiciméid ⁽⁸⁾, bailiúcháin sonraí nó i bhfoirm eile ar mheán digiteach nó analógach a ghabhtar i stóras oifigiúil agus a bhainistítear agus a choinnítear ar bun mar fhianaise agus mar shócmhainn.
- (2) ciallaíonn 'meiteashonraí' aon fhaisnéis lena dtugtar tuairisc ar chomhthéacs, ar inneachar agus ar struchtúr na dtaifead agus ar a mbainistiú le himeacht ama chun críocha aisghabhála, inrochtaineachta agus athúsáide, i measc nithe eile;
- (3) ciallaíonn 'digití' an próiseas arb é atá ann taifead ar páipéar nó ar aon mheán traidisiúnta eile a iompú ina athleagan leictreonach;
- (4) ciallaíonn 'údar' cruthaitheoir an taifid, duine aonair, grúpa nó eagraíocht a tháirgeann taifead;
- (5) ciallaíonn 'stóras oifigiúil nó stórais oifigiúla taifead' córas nó córais, atá aitheanta agus formheasta ag an údarás inniúil, ina ndéantar taifid atá i seilbh an Choiste a bhailiú, a eagrú, a chlárú agus a chatagóiriú chun aisghabháil, dáileadh agus úsáid taifead a éascú;
- (6) ciallaíonn 'gabháil' doiciméad a chur isteach i stóras leictreonach oifigiúil trí aitheantóir uathúil agus meiteashonraí a chomhcheangal ⁽⁹⁾;
- (7) ciallaíonn 'aitheantóir uathúil' seicheamh de dhigití nó de litreacha, nó den dá rud, a rinne meaisín nó duine a shannadh gan débhrí do taifead agus lena saináithnítear an taifead sin a bheith uathúil agus éagsúil le gach taifead eile;
- (8) ciallaíonn 'clárú' taifead a ghabháil i gclár, lena suitear go bhfuil sé iomlán agus comhdhéanta mar is ceart ó thaobh riaracháin agus/nó dlí de agus lena ndeimhnítear gur sheol údar é chuig seolaí ar dháta áirithe, mar phost isteach nó amach, nó gur ionchorpraíodh é i gceann de stórais oifigiúla an Choiste;
- (9) ciallaíonn 'comhad' comhbhailiúchán taifead a eagraítear i gcomhréir le gníomhaíochtaí an Choiste, ar chúiseanna cruthúnais, údair chuí nó faisnéise agus chun éifeachtúlacht san obair a ráthú; eagraítear an grúpa taifead a bhfuil an comhad comhdhéanta díobh ar bhealach a chruthóidh aonad comhleanúnach ábhartha i dtéarmaí na gníomhaíochtaí a dhéanann an Coiste nó a ranna;

⁽⁸⁾ Ciallaíonn 'doiciméad' aon fhaisnéis a shocraítear ar mheán trí bhíthin rialacha foirmiúla ionadaíochta (e.g. i scríbhinn). Féadfar doiciméad a chruthú, a fháil agus a stóráil i bhfoirm leictreonach ('doiciméad leictreonach') nó i bhfoirm neamhleictreonach ('doiciméad analógach').

⁽⁹⁾ ISO 15489-1:2016, pointe 9.3.

- (10) ciallaíonn ‘plean comhdúcháin’ ionstraim ag a bhfuil struchtúr ordlathach agus loighciúil, i bhfoirm struchtúr crainn ag a bhfuil roinnt ceannnteideal idirnasctha, lenar féidir taifid a eagrú ar bhonn intleachtúil agus a nascadh leis an gcomhthéacs inar tarraingíodh suas iad, ar bhonn na bhfeidhmeanna, na gníomhaíochtaí agus na bpróiseas oibre;
- (11) ciallaíonn ‘liosta coinneála’ an doiciméad ina leagtar amach an tréimhse coinneála riaracháin le haghaidh comhad agus le haghaidh na gníomhaíochtaí atá le déanamh tar éis do na comhaid sin dul in éag. Leagtar amach ann an íostréimhse chun taifid agus comhaid a choinneáil de réir a gceanglas dlíthiúil, gnó agus cuntasachta agus a luacha stairiúil;
- (12) ciallaíonn ‘barántúlacht’ gur féidir a chruthú gurb é atá i dtaifead an rud a airbheartaíonn sé a bheith, gurbh é an duine a chruthaigh nó a sheol é an duine a airbheartaítear a chruthaigh nó a sheol é agus gur cruthaíodh nó gur seoladh é an tráth a airbheartaítear ⁽¹⁰⁾;
- (13) ciallaíonn ‘iontaofacht’ gur féidir muinín a chur in inneachar taifid mar léiriú iomlán agus cruinn ar na hidirbhearta, ar na gníomhaíochtaí agus ar na fíorais a fhianaíonn siad agus gur féidir brath ar an taifead le linn idirbhearta nó gníomhaíochtaí ina dhiaidh sin ⁽¹¹⁾;
- (14) ciallaíonn ‘sláine’ go bhfuil taifead iomlán agus neamhathraithe ⁽¹²⁾;
- (15) ciallaíonn ‘bailíocht’ go bhfuil ag doiciméad na saintréithe intreacha agus eistreacha uile a cheanglaítear de réir chomhthéacs a tháirgthe, ar saintréithe iad is gá chun glacadh leis gur léiriú de chuid an údair atá ann maille leis na hiarmhairtí dlí go léir a ghabhann leis sin;
- (16) ciallaíonn ‘inghlacthacht’ go bhfuil ag doiciméad na saintréithe intreacha agus eistreacha go léir a cheanglaítear de réir chomhthéacs a fhála, ar saintréithe iad is gá chun glacadh leis gur léiriú de chuid an údair atá ann maille leis na hiarmhairtí dlí go léir a ghabhann leis sin;
- (17) ciallaíonn ‘caomhnú’ na próisis theicniúla agus na hoibríochtaí teicniúla uile a fhágann gur féidir taifid a choinneáil ar bun le himeacht ama, a sláine agus a mbarántúlacht a choinneáil ar bun agus rochtain ar a n-inneachar a ráthú;
- (18) ciallaíonn ‘cartlann’ na taifid, na comhaid agus na meiteashonraí uile arna gcruthú, arna bhfáil, arna ngabháil, arna gcomhdú agus arna gcaomhnú ag eagraíocht;
- (19) ciallaíonn ‘coinneáil’ taifead a choimeád de réir na gceanglas maidir le fianaise ar fheidhm, ar ghníomhaíocht nó ar idirbheart agus maidir le próisis taifead, lena n-áirítear conas is gá, agus cá fhad is gá, taifid a choimeád;
- (20) ciallaíonn ‘tréimhse coinneála riaracháin’ an tréimhse ama tar éis comhad a dhúnadh ar lena linn a cheanglaítear ar an roinn an comhad a chaomhnú bunaithe ar a úsáidí atá sé ó thaobh riaracháin de agus ar na ceanglais dhlíthiúla reachtúla lena mbaineann;
- (21) ciallaíonn ‘díothú’ an ghníomhaíocht rialaithe as a dtagann scriosadh fisiceach na meán stórála agus léirscriosadh agus forscríobh gach áisc aitheanta den ábhar atá le díothú, chun a áirithiú go scriosfar an fhaisnéis go buan agus go neamh-inchúlghairthe;
- (22) ciallaíonn ‘bunchóip’ doiciméad ina gcuirtear toil an údair in iúl agus atá in ann na hiarmhairtí atá beartaithe leis a thabhairt i gcrích sa chéad leagan cinntitheach ina bhfuil an fhaisnéis iomlán, mar a chuir an t-údar in iúl í, chomh maith leis na heilimintí go léir a éilítear de réir chomhthéacs a tháirgthe. Féadfaidh an bunleagan a bheith iolrach;
- (23) ciallaíonn ‘cóip’ doiciméad bunaidh nó cóip eile de dhoiciméad bunaidh a dhúbláil, go hiomlán nó go páirteach, beag beann ar an meán ina gcruthaítear an doiciméad bunaidh nó an chóip. Féadfaidh cóip a bheith ina hathleagan neamhleictreonach de leagan bunaidh leictreonach nó ina hathleagan leictreonach de leagan bunaidh analógach, i measc nithe eile;
- (24) ciallaíonn ‘breithmheas’ an próiseas ina ndéantar meastóireacht ar ghníomhaíochtaí gnó chun a chinneadh cé na taifid is gá a chruthú agus a ghabháil agus cá fhad is gá na taifid sin a choinneáil;
- (25) ciallaíonn ‘faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair’ faisnéis íogair a d’fhéadfadh, dá sceithfí í, dochar a dhéanamh do leas na n-institiúidí Eorpacha, tríú páirtithe, amhail gnólachtaí agus cuideachtaí, nó daoine aonair príobháideacha, ach nach bhfuil chomh híogair sin go ndéanfaí dochar do leasanna an Aontais Eorpaigh nó na mBallstát;

⁽¹⁰⁾ ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.1.

⁽¹¹⁾ ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.2.

⁽¹²⁾ ISO 15489-1:2016, pointe 5.2.2.3.

- (26) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta íogaire’ sonraí pearsanta a bhfuil cosaint fheabhsaithe tuillte acu, de bharr a gcineáil, toisc go bhféadfadh a bpróiseáil neamhúdaraíthe a bheith ina míchaoithiúlacht nó ina riosca d’ábhair sonraí (cé nach gá go mbainfidís le catagóirí speisialta sonraí pearsanta de réir Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725), amhail sonraí iompraíochta, sonraí pearsanta airgeadais, sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta nó bearta slándála gaolmhara, agus sonraí pearsanta oibríochtúla i réimsí an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla nó an chomhair póilíneachta.

CAIBIDIL II

Bainistiú taifead

Airteagal 4

Cruthú

1. Ag brath ar na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach do gach cineál taifid, sainaitheoidh údar na gabhála agus an chlárúcháin an córas leictreonach bainistíochta trína mbainisteofar an fhaisnéis agus an stóras oifigiúil ina gcaomhnófar í.
2. Cruthófar taifid an Choiste mar thaifid leictreonacha agus coimeádfar ina stórais leictreonacha oifigiúla iad.

Sna cásanna seo a leanas, áfach, féadfar taifid a chruthú i meán difriúil nó a choinneáil ar bhealach difriúil:

- (a) i gcás ina gceanglaítear amhlaidh le foráil de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta,
- (b) i gcás inar gá meán páipéir a úsáid mar gheall ar áisiúlacht prótacail,
- (c) i gcás ina gcuireann cúiseanna praiticiúla bac ar dhigitiú an doiciméid,
- (d) i gcás ina bhfuil breisluch ag baint le caomhnú na bunchóipe analógaí, mar gheall ar a foirm nó ar an ábhar as a ndearnadh í nó ar chúiseanna stairiúla.

Airteagal 5

Clárú

1. Clárófar doiciméid má bhaineann siad le cás faoi réimse freagrachta roinne de chuid an Choiste, nó má d’fhéadfadh gníomhaíocht nó obair leantach arna déanamh ag an gCoiste nó ag ceann dá ranna a bheith i gceist leo. Níl faisnéis ghearrsholach le clárú.
2. Cuirfear cláir ar bun chun aitheantóirí uathúla a ghiniúint le haghaidh gach taifid chláráithe agus chun a neamh-inathraitheacht, a mbarántúlacht, a n-iontaofacht agus a sláine a ráthú, maille le caomhnú na dtaifead sin agus rochtain orthu le himeacht ama a ráthú.
3. Beidh na cláir nasctha le stóras leictreonach amháin nó níos mó. Féadfar eisceachtaí a dhéanamh ar chúiseanna slándála.

Airteagal 6

Digitíú

1. Déanfar na taifid i meáin analógacha arna gcruthú nó arna bhfáil ag an gCoiste a dhigitiú go córasach. Cuirfear na hathleaganacha leictreonacha a thiocfaidh as sin in ionad na mbundoiciméad analógach comhfhreagrach, ach amháin má tá sínithe lámhscríofa iontu nach féidir ríomhshínithe cáilithe a chur ina n-ionad.
2. Leagfar amach sna treoracha inmheánacha arna nglacadh de bhun Airteagal 24 na mionsonraí nós imeachta agus teicniúla a bhaineann le digitíú, na heisceachtaí is infheidhme agus díothú taifead analógach tar éis a ndigitithe.

*Airteagal 7***Comhaid agus comhdú**

1. Eagrófar taifid i gcomhaid chomh túisce agus a chruthaítear nó a fhaightear iad.
2. Bunófar comhad aonair le haghaidh gach cáis a thagann faoi shainchúram roinne áirithe den Choiste. Beidh sa chomhad sin na taifid a cruthaíodh nó a fuarthas i dtaca leis an gcás.
3. Sainaithneofar roinn treorach aonair le haghaidh comhaid uile an Choiste. Is í an roinn treorach an t-eintiteas riaracháin atá freagrach as an gcomhad fad is ann dó, agus comhoibreoigh sí leis an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann maidir lena chaomhnú, lena aistriú agus lena dhíothú.
4. Cuirfidh na ranna leis an gcomhad meiteashonraí iontaofa fadtréimhseacha ar leibhéal an chomhaid is féidir a úsáid, *inter alia*, chun oibríochtaí a eascraíonn as oibleagáidí dlíthiúla a dhéanamh, go háirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 354/83.
5. Bunóidh gach roinn, le tacaíocht ón roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, liosta de na cineálacha comhad agus taifead atá ina seilbh agus déanfaidh sí athbhreithniú rialta ar na cineálacha faisnéise a chruthaítear nó a fhaightear le linn a gníomhaíochtaí chun na cinn atá le gabháil i stóras leictreonach oifigiúil a shainaithint agus, ag cur an chomhthéacs inar táirgeadh iad san áireamh, chun bainistiú na gcineálacha faisnéise sin a eagrú ar feadh a saolré.
6. Ní athrófar na taifid. Féadfar iad a bhaint nó leaganacha ina dhiaidh sin a chur ina n-ionad go dtí go ndúnfar an comhad lena mbaineann siad.

*Airteagal 8***Plean comhdúcháin**

1. Déanfaidh an t-oifigeach bainistíochta doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 20 plean comhdúcháin a tharraingt suas, a mhodhnú agus a thabhairt cothrom le dáta agus, i gcás inarb iomchuí, ullmhóidh sé nó sí tograí le haghaidh cinntí maidir leis an bplean comhdúcháin agus an liosta coinneála ar leibhéal an Choiste.
2. I bplean comhdúcháin an Choiste, úsáidfear aicmiú coiteann comhad is infheidhme i ranna uile an Choiste. Beidh an t-aicmiú sin mar chuid de bhainistíocht ghníomhaíocht bhunaithe an Choiste.
3. Beidh comhaid uile an Choiste, is cuma cén córas faisnéise leictreonaí lena mbainítear iad nó cén stóras oifigiúil ina gcaomhnaítear iad, ceangailte le ceann de cheanteidil an chórais i gceist, ag brath ar an ngníomhaíocht lena mbaineann.

*Airteagal 9***Próisis agus córais ríomhairithe**

Déanfaidh an Coiste a thaifid a choimeád agus a bhainistiú trí bhíthin próisis ríomhairithe agus córais agus struchtúir ríomhairithe ag a bhfuil comhéadain chun stóráil taifead, rochtain ar thaifid agus aisghabháil taifead a áirithiú, mura gceanglaítear a mhalairt le foráil de chuid an Choiste.

*Airteagal 10***Éifeachtaí dlíthiúla na ríomhshínithe, na ríomhshéalaí, na ríomhstampaí ama agus na ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe**

1. Beidh ríomhshíniú ⁽¹³⁾ cáilithe ar aon éifeacht dhlíthiúil le síniú lámhscríofa.
2. Maidir le ríomhshéala ⁽¹⁴⁾ cáilithe, toimhdeofar sláine na sonraí agus beachtas thionscnamh na sonraí sin a mbeidh nasc acu leis an ríomhshéala cáilithe.

⁽¹³⁾ Tuigtear 'ríomhshíniú' de réir bhrí Airteagal 3(10) go (12) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

⁽¹⁴⁾ Tuigtear 'ríomhshéala' de réir bhrí Airteagal 3(25) go (27) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

3. Maidir le ríomhstampa ama ⁽¹⁵⁾ cáilithe, toimhdeofar gur cruinn an dáta agus an t-am a léiríonn sé agus gur slán na sonraí a bhfuil an dáta agus an t-am ceangailte leo.

4. Maidir le sonraí a sheolfar agus a gheofar trí úsáid a bhaint as ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe, toimhdeofar sláine na sonraí sin, gurb é an seoltóir sainaitheanta a sheol na sonraí sin, go bhfuair an seolaí sainaitheanta iad agus gur cruinn dáta agus am seolta agus fála na sonraí arna sonrú ag an ríomhsheirbhís seachadta chláraithe cháilithe.

Airteagal 11

Bailíocht na ndoiciméad agus na nósanna imeachta

1. Measfar go gcomhlíonann doiciméad arna chruthú nó arna fháil ag an gCoiste na critéir bhailíochta nó inghlacthachta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) sainaithnítear an duine óna dtagann sé;
- (b) is comhthéacs iontaofa é an comhthéacs ina ndearnadh an doiciméad agus comhlíonann an doiciméad na coinníollacha lena ráthaítear sláine an doiciméid;
- (c) comhlíonann an doiciméad na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach i ndlí an Aontais nó sa dlí náisiúnta is infheidhme;
- (d) i gcás doiciméad leictreonach, cruthaítear an doiciméad ar bhealach a ráthaíonn sláine, iontaofacht agus inúsáidteacht a inneachair agus na meiteashonraí a ghabhann leis.

2. Measfar go gcomhlíonann athleagan leictreonach a cruthaíodh trí dhoiciméad analógach arna chruthú nó arna fháil ag an gCoiste a dhigitiú na critéir bhailíochta nó inghlacthachta i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) ní cheanglaítear aon síniú le foráil de dhlí an Aontais ná le dlí Ballstáit nó tríú tír lena mbaineann;
- (b) ráthaíonn formáid an athleagain na nithe seo a leanas: sláine, iontaofacht, marthanacht, inléiteacht le himeacht ama agus éascaíocht rochtana ar an bhfaisnéis atá ann.

I gcás nach bhfuil gá le doiciméad analógach sínithe, féadfar athleagan leictreonach den sórt sin a úsáid le haghaidh aon mhalartú faisnéise agus le haghaidh aon nós imeachta inmheánach laistigh den Choiste.

3. I gcás ina gceanglaítear bunchóip shínithe de dhoiciméad le foráil de dhlí an Aontais nó den dlí náisiúnta, comhlíonfaidh doiciméad arna tharraingt suas nó arna fháil ag an gCoiste an ceanglas sin má tá aon cheann de na nithe seo a leanas sa doiciméad:

- (a) síniú lámhscríofa amháin nó níos mó nó ríomhshíniú cáilithe amháin nó níos mó,
- (b) ríomhshíniú amháin nó níos mó, seachas ríomhshínithe cáilithe, lena dtugtar ráthaíochtaí leordhóthanacha maidir le sainaithint an tsínitheora agus maidir lena thoil nó lena toil a chur in iúl sa doiciméad sínithe.

4. I gcás ina n-éilíonn nós imeachta a bhaineann go sonrach leis an gCoiste síniú duine údairithe nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfar an nós imeachta a bhainistiú le córais ríomhaireachta, ar choinníoll go sainaithneofaí gach duine go soiléir agus gan débhrí agus go ráthódh an córas atá i gceist nach n-athrófaí an t-inneachar le linn an nós imeachta.

5. I gcás ina mbaineann nós imeachta leis an gCoiste agus le heintitis eile agus go n-éilíonn sé síniú duine údairithe nó formheas duine ag céim amháin nó níos mó den nós imeachta, féadfar an nós imeachta a bhainistiú le córais ríomhaireachta a chomhlíonann coinníollacha agus a sholáthraíonn dearbhuithe teicniúla arna gcinneadh trí chomhaontú frithpháirteach.

Airteagal 12

Sonraí agus faisnéis a sholáthar laistigh den Choiste

1. Déanfar sonraí agus faisnéis a chur ar fáil agus a chomhroinnt chomh forleathan agus is féidir laistigh den Choiste, mura gceanglaítear le hoibleagáidí dlíthiúla teorainn a chur leis an rochtain.

⁽¹⁵⁾ Tuigtear 'ríomhstampa' de réir bhrí Airteagal 3(33) agus (34) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Ar mhaithe le comhroinnt faisnéise, áiritheoidh na ranna go mbeidh an rochtain ar a gcomhaid chomh forleathan agus is féidir de réir íogaireacht an inneachair sna comhaid sin.

Airteagal 13

Slándáil agus cosaint faisnéise

1. Déanfar taifid a bhainistiú i gcomhréir le rialacha slándála an Choiste is infheidhme maidir le cosaint faisnéise. Chuige sin, déanfar taifid, comhaid, córais faisnéise agus cartlanna, lena n-áirítear a líonraí agus a modhanna tarchurtha, a chosaint le bearta iomchuí slándála chun faisnéis rúnaicmithe, faisnéis neamh-rúnaicmithe íogair agus sonraí pearsanta a bhainistiú.
2. Beidh taifid a bhfuil faisnéis íogair iontu faoi réir an Chinnidh seo agus a rialacha cur chun feidhme.
3. Déanfaidh an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, i gcomhar leis na ranna atá freagrach as slándáil agus as teicneolaíocht faisnéise, sraith rialacha a tharraingt suas maidir le faisnéis íogair a phróiseáil a mhéid a bhaineann le bainistiú taifead agus cartlann.
4. Próiseálfar faisnéis rúnaicmithe i gcomhréir leis na rialacha atá i bhfeidhm maidir le slándáil.

CAIBIDIL III

Caomhnú taifead agus cartlanna stairiúla

Airteagal 14

Caomhnú

1. Déanfar an caomhnú faoi na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) caomhnófar taifid san fhoirm inar cruthaíodh, inar seoladh nó ina bhfuarthas iad nó i bhfoirm ina gcaomhnófar barántúlacht, iontaofacht agus sláine a n-inneachair agus na meiteashonraí a ghabhann leo;
 - (b) ní mór inneachar na dtaifead agus na meiteashonraí ábhartha a bheith inléite ar feadh a dtréimhse stórála ag aon duine atá údaraithe le rochtain a fháil orthu;
 - (c) i gcás ina seolfar nó ina bhfaighfear taifid go leictreonach, is cuid de na meiteashonraí íosta atá le caomhnú í an fhaisnéis is gá chun tionscnamh nó ceann scríbe an taifid agus dáta agus am na gabhála nó an chláraithe a chinneadh;
 - (d) maidir le nósanna imeachta leictreonacha arna mbainistiú ag córais faisnéise leictreoná, caomhnófar faisnéis faoi chéimeanna foirmiúla an nós imeachta faoi choinníollacha a áirithíonn gur féidir na céimeanna sin agus na húdair agus na rannpháirtithe a shainaithint.
2. Áiritheoidh an Coiste go gcuirfear straitéis um chaomhnú digiteach chun feidhme d'fhonn rochtain fhadtéarmach ar thaifid leictreonacha a áirithiú ar bhonn na liostaí coinneála thuasluaite. Áiritheofar leis an straitéis go mbeidh próisis, uirlisí agus acmhainní i bhfeidhm chun barántúlacht, iontaofacht agus sláine taifead agus a n-inrochtaineacht a áirithiú.

Airteagal 15

Coinneáil, aistriú agus díothú

1. Leagfar síos an tréimhse choinneála le haghaidh na gcatagóirí éagsúla comhad don Choiste ina iomláine trí bhithin ionstraim rialála, cuir i gcás liosta coinneála le haghaidh chomhaid an Choiste arna tharraingt suas ar bhonn an chomhthéacs eagraíochtúil, na reachtaíochta atá ann cheana agus oibleagáidí dlíthiúla an Choiste.
2. Déanfaidh ranna uile Ardrúnaíocht an Choiste, lena n-áirítear na Comhsheirbhísí i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an Choiste, breithmheas rialta ar na taifid agus ar na comhaid atá á mbainistiú acu chun a mheas ar cheart iad a aistriú chuig seirbhís cartlainne an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 16, nó ar cheart iad a dhíothú.

3. Na taifid agus na comhaid a chaomhnaítear, nuair a bheidh deireadh le tréimhse a n-úsáideachta riaracháin, ba cheart iad a aistriú chuig an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, agus na socruithe aistrithe a shonrú.

Coinneofar sa stóras leictreonach bunaidh tacar meiteashonraí maidir leis na taifid agus na comhaid mar fhianaise ar na taifid agus ar na comhaid sin agus ar a n-aistriú nó ar a ndíothú.

Airteagal 16

Seirbhís cartlainne an Choiste

Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar sheirbhís cartlainne an Choiste:

- (a) barántúlacht, iontaofacht agus sláine thaifid, chomhaid agus chartlanna an Choiste a aistríodh chuig na Cartlanna a ráthú chomh maith le rochtain orthu a ráthú;
 - (b) cosaint ábhartha agus sláine mheiteashonraí na dtaifead agus na gcomhad arna soláthar ag na ranna aistrithe a áirithiú;
 - (c) taifid agus comhaid a chur ar fáil do na ranna arna iarraidh sin dóibh;
 - (d) an dara hathbhreithniú a dhéanamh, i gcás inar gá agus i gcomhar leis an roinn tionscnaimh nó lena comharba, ar na taifid, na comhaid agus na cartlanna uile a aistríodh;
 - (e) cartlanna stairiúla an Choiste a oscailt don phobal nuair a bheidh tréimhse 30 bliain istigh, cé is moite de na taifid sin a chumhdaítear le heisceachtaí a bhaineann le príobháideachas agus sláine daoine aonair, nó le leasanna tráchtála duine nádúrtha nó duine dhlítheanaigh, lena n-áirítear maoin intleachtúil;
 - (f) cartlanna stairiúla an Choiste a osclaíodh don phobal a thaisceadh i gCartlanna Stairiúla an Aontais Eorpaigh in IOE.
- Is í an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann a bhainistíodh seirbhís cartlainne an Choiste.

Airteagal 17

Próiseáil sonraí pearsanta atá i gcartlanna an Choiste

1. Ní bheidh feidhm ag na maoluithe seo a leanas ar chearta na n-ábhar sonraí i gcomhréir le hAirteagal 25(4) de Rialachán (AE) 2018/1725 ach amháin a mhéid a d'fhágfadh feidhmiú na gcearta sin nach bhféadfaí cuspóirí cartlannaithe a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail nó go gcuirfí isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí agus a mhéid is gá chun na críocha sin a chomhlíonadh:

- (a) an maolú ar an gceart rochtana ⁽¹⁶⁾; agus measúnú á dhéanamh aige nó aici an dócha go bhfágfaidh iarraidh ar rochtain nach féidir cuspóirí cartlannaithe a bhaint amach ar mhaithe le leas an phobail nó an dócha go gcuirfidh sí isteach go mór ar bhaint amach na gcuspóirí sin, breithneoidh an rialaitheoir, *inter alia*, an amhlaidh nach féidir an iarraidh ar rochtain a dheonú gan iarracht dhíréireach riaracháin a bheith i gceist, go háirithe toisc nach gceadaítear leis an iarraidh taifid shonracha a shainaitheint gan iarracht dhíréireach den sórt sin. Agus measúnú á dhéanamh ar an ngníomhaíocht atá le déanamh maidir leis an iarraidh ón ábhar sonraí agus maidir leis an iarracht riaracháin is gá, tabharfar aird ar leith ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an ábhar sonraí agus ar chineál, scóip agus méid na dtaifead a d'fhéadfadh a bheith i gceist;
- (b) an maolú ar an gceart go ndéanfaí ceartúchán ⁽¹⁷⁾, sa mhéid go bhfágann an ceartúchán gur dodhéanta sláine agus barántúlacht taifead a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla an Choiste a chaomhnú, gan dochar don fhéidearthacht ráiteas forlíontach nó nóta a chur leis an taifead lena mbaineann, mura rud é go mbeadh sé sin dodhéanta nó go mbeadh iarracht dhíréireach i gceist leis;

⁽¹⁶⁾ Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2018/1725.

⁽¹⁷⁾ Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2018/1725.

- (c) an maolú ar an gceart chun agóid a dhéanamh in aghaidh na próiseála ⁽¹⁸⁾, sa mhéid go bhfuil na sonraí pearsanta i dtaifid a roghnaíodh lena gcaomhnú go buan i gcartlanna stairiúla an Choiste mar chuid dhílis fhíor-riachtanach de na taifid sin, agus sa mhéid go bhfágadh deonú an chirt chun agóid a dhéanamh in aghaidh próiseáil sonraí pearsanta atá i dtaifid den sórt sin go mbeadh sé dodhéanta na cuspóirí cartlannaithe ar mhaithe le leas an phobail a bhaint amach.

Beidh feidhm ag na heisceachtaí ar chearta na n-ábhar sonraí dá dtagraítear in Airteagal 16(5), pointe (b) agus Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2018/1725 a mhéid a bheadh sé dodhéanta na hoibleagáidí comhfhreagracha a chomhlíonadh nó a mbeadh iarracht dhíréireach ag baint leo.

2. Cuirfidh an Coiste coimircí iomchuí chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonfar Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725. Ar na coimircí sin áireofar bearta teicniúla agus eagraíochtúla, go háirithe, chun a áirithiú go ndéanfar prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí a urramú. Áireofar na nithe seo a leanas sna coimircí:

- (a) roghnófar na comhaid atá le haistriú chuig cartlanna stairiúla an Choiste tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh de réir liostaí coinneála an Choiste; de ghrá na comhréireachta agus i gcomhréir le prionsabal an íoslaghdaíthe sonraí, ní bheidh sna sonraí pearsanta a choimeádtar fós i dtaifid agus i gcomhaid a aistrítear chuig na cartlanna stairiúla agus sna meiteashonraí a ghabhann leo ach na sonraí/meiteashonraí sin is gá chun barántúlacht, iontaofacht, sláine, inúsáidteacht agus inléiteacht na dtaifead agus na gcomhad a chaomhnú le himeacht ama. Déanfar na comhaid eile uile, lena n-áirítear comhaid struchtúrtha sonraí pearsanta, amhail comhaid phearsanta agus comhaid leighis, a dhíothú ag deireadh na tréimhse coinneála riaracháin;
- (b) déanfar foráil sna liostaí coinneála maidir le díothú riaracháin cineálacha áirithe taifead roimh dheireadh na tréimhse coinneála riaracháin; is iad sin:
- (i) taifid ina bhfuil sonraí pearsanta íogaire i gcomhréir leis an tréimhse atá luaite sa taifead ábhartha próiseála aon uair nach mbainfidh sé sin an bonn de shláine ná de chomhsheasmhacht na gcomhad gaolmhar,
- (ii) tograí nár roghnaíodh agus tairiscintí nár éirigh leo i nósanna imeachta soláthair,
- (iii) taifid a bhaineann le hoiliúnaithe agus le cuairteoirí gearrthéarmacha nó fadtéarmacha i gcomhaid atá tiomnaithe go sonrach dá ngairmeacha beatha, seachas an bhileog ina leagtar amach buneolas faoi ghairm bheatha an duine,
- (iv) taifeadtaí amhairc nó closamhairc ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoiste, agus
- (v) b'fhéidir cineálacha eile taifead a d'fhéadfaí a áireamh ar an liosta coinneála in athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Dá bhrí sin, ní dhéanfar na cineálacha sin taifead a phróiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail;

- (c) sula ndéanfar próiseáil chun críocha cartlannú a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail, tuairisceoidh an roinn tionscnaimh do sheirbhís cartlainne an Choiste – trí bhíthin meabhráin inmheánaigh a mbeidh liosta de na doiciméid lena mbaineann i gceangal leis – go bhféadfadh taifid a bheith ann a chumhdaítear leis an gcéad eisceacht dá dtagraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 sna comhaid atá le haistriú chuig cartlanna stairiúla an Choiste;
- (d) sula n-osclofar aon cheann de chomhaid an Choiste don phobal, déanfaidh seirbhís cartlainne an Choiste athbhreithniú air chun a sheiceáil an bhféadfadh taifid a chumhdaítear leis na heisceachtaí a leagtar amach in Airteagal 2(1) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 354/83 a bheith ann, lena n-áirítear ar bhonn an nós imeachta maidir le fógra a thabhairt dá dtagraítear i bpointe (c) thuas d'fhonn sonraí pearsanta a chosaint.

3. Déanfaidh an Coiste taifeadadh ar na cúiseanna atá leis na maoluithe a chuirfear i bhfeidhm de bhun an Chinnidh seo. Déanfar an taifead agus, i gcás inarb infheidhme, na doiciméid a bhaineann leis an gcomhthéacs fíorasach nó dlíthiúil a chlárú. Cuirfear ar fáil iad don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna iarraidh sin.

⁽¹⁸⁾ Airteagal 23 de Rialachán (AE) 2018/1725.

4. Rachfar i gcomhairle le hOifigeach Cosanta Sonraí an Choiste a luaithe is féidir i gcásanna ina bhfuil sé beartaithe maoluithe ar chearta an ábhair sonraí a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCinneadh seo. Déanfar aon mhaolú ar chearta an ábhair sonraí a dhoiciméadú agus áireofar tuairim an Oifigigh Cosanta Sonraí sa doiciméadacht sin. Aon uair a bheartaíonn rialaitheoirí cinneadh a dhéanamh maidir le maolú ar chearta an ábhair sonraí i gcás ar leith, beidh orthu an méid seo a leanas a dhéanamh:

- (a) dul i gcomhairle go cuí agus go tráthúil le hOifigeach Cosanta Sonraí an Choiste;
- (b) ról a thabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí le linn an nós imeachta agus an comhairliúchán sin a dhoiciméadú;
- (c) arna iarraidh sin, rochtain a thabhairt don Oifigeach Cosanta Sonraí ar na taifid lena mbaineann agus ar aon doiciméad ina leagtar amach an comhthéacs fíorasach nó dlíthiúil;
- (d) arna iarraidh sin agus le toiliú an Oifigigh Cosanta Sonraí, rochtain a thabhairt don oifigeach bainistíochta doiciméad ar na taifid sin.

5. Aon uair is indéanta, agus b'fhéidir sula mbaileofar sonraí pearsanta, cuirfidh an Coiste na hábhair sonraí ar an eolas faoi go bhféadfar na taifid ar a bhfuil a sonraí pearsanta a aistriú chuig na cartlanna stairiúla ag deireadh na tréimhse coinneála atá socraithe le haghaidh na dtaifead sin.

6. Le bearta cur chun feidhme an Chinnidh seo, féadfar rialacha sonracha a leagan síos maidir le cosaint fheabhsaithe do shonraí pearsanta íogaire, lena n-áirítear sonraí nach dtagann faoi raon feidhme Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2018/1725.

Airteagal 18

Cartlanna stairiúla an Choiste a thaisceadh san Institiúid Ollscoile Eorpach (IOE)

- 1. Tabharfaidh an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann rochtain do IOE, i gcás inar féidir, ar chóipeanna digitithe de thaifid atá á gcoimeád i meán analógach.
- 2. Beidh IOE ina phríomhphointe rochtana ar chartlanna stairiúla an Choiste atá oscailte don phobal.
- 3. Seolfaidh an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann tuairiscí chuig IOE ar na cartlanna a thaisctear.
- 4. Gníomhaíonn IOE ina phróiseálaí ⁽¹⁹⁾ i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2018/1725, faoi threoracha ón gCoiste, arb é an rialaitheoir ⁽²⁰⁾ é ar shonraí pearsanta atá ina chartlanna stairiúla, arna dtaisceadh in IOE. Soláthraíonn seirbhís cartlainne an Choiste, thar ceann an Choiste, na treoracha is gá do IOE maidir le próiseáil sonraí pearsanta atá i gcartlanna taiscthe an Choiste agus déanann sí faireachán ar a feidhmíocht.

CAIBIDIL IV

Rialachas agus cur chun feidhme

Airteagal 19

Rialachas ar leibhéal an Choiste

- 1. Ba cheart do gach comhalta de chomhlachtaí agus d'fhoireann an Choiste a bheith freagrach as taifid a chruthú agus a bhainistiú go cuí, ar taifid iad a bhaineann le beartais, próisis agus nósanna imeachta a bhfuil siad freagrach astu.
- 2. Beidh gach roinn den Choiste, lena n-áirítear na Comhsheirbhísí i gcomhthéacs ghníomhaíochtaí an Choiste, freagrach as an struchtúr eagraíochtúil, riaracháin agus fisiceach is gá a áirithiú agus as an oiliúint is gá a chur ar fáil don fhoireann chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

⁽¹⁹⁾ Tuigtear 'próiseálaí' de réir bhrí Airteagal 3(12) de Rialachán (AE) 2018/1725.

⁽²⁰⁾ Tuigtear 'rialaitheoir' de réir bhrí Airteagal 3(8) de Rialachán (AE) 2018/1725.

3. Beidh an tArdrúnaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme i bhfeidhm.
4. An roinn atá freagrach as teicneolaíocht faisnéise, beidh sí freagrach as an mbonneagar teicneolaíochta a sholáthar chun gur féidir an Cinneadh seo agus a rialacha cur chun feidhme a chur i bhfeidhm.

Airteagal 20

Oifigeach bainistíochta doiciméad

1. Ainmneoidh an tArdrúnaí oifigeach bainistíochta doiciméad (agus ionadaithe) chun córas bainistíochta taifead atá nua-aimseartha agus éifeachtúil a choinneáil ar bun sa Choiste agus chun comhordú a áirithiú ar fud na ranna agus leis na hinstiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí Eorpacha eile.
2. Beidh an t-oifigeach bainistíochta doiciméad agus a ionadaithe nó a hionadaithe mar chuid den roinn atá i mbun beartais maidir le bainistiú taifead agus cartlann a chur chun feidhme.
3. Is iad seo a leanas na príomhchúraimí a bheidh ar an oifigeach bainistíochta doiciméad:
 - (a) rialacha agus nósanna imeachta a tharraingt suas maidir le bainistiú taifead, comhad agus cartlann,
 - (b) maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha agus na nósanna imeachta bainistíochta taifead ag na ranna,
 - (c) maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar taifid a chlárú agus a chomhdú,
 - (d) plean comhdúcháin an Choiste a tharraingt suas agus a thabhairt cothrom le dáta,
 - (e) an liosta coinneála a dhréachtú agus nuashonruithe air a mholadh,
 - (f) taifid agus comhaid a dhiúscairt de réir an liosta coinneála, agus
 - (g) líonra idir-rannach na gcomhfhreagrach bainistíochta doiciméad dá dtagraítear in Airteagal 22 a chomhordú.

Airteagal 21

An Roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann

1. Áiritheoidh an Roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann go mbainisteofar na taifid a chruthófar nó a gheofar, maille leis na comhaid agus na cartlanna, i gcomhréir le rialacha an Chinnidh seo agus lena bhearta cur chun feidhme.
2. Is iad seo a leanas na cúraimí ginearálta a bheidh ar an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann:
 - (a) tacú leis an oifigeach bainistíochta doiciméad agus treoir a thabhairt dó nó di ina chuid nó ina cuid cúraimí;
 - (b) roinnt seirbhísí a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí bainistíochta taifead i gcás ina ndéantar iad a lárú go hiomlán nó go páirteach.
 - (c) tacaíocht a sholáthar do na comhfhreagrach bainistíochta doiciméad maidir le haon saincheist nós imeachta nó theicniúil a bhaineann le bainistiú taifead agus cartlannú laistigh dá ranna;
 - (d) taifid agus comhaid an Choiste a aistríodh chuig na cartlanna stairiúla a chaomhnú go dtí go n-oslófar don phobal iad agus a mbarántúlacht, a n-iontaofacht, a sláine agus a n-inúsáidteacht, mar aon le rochtain orthu, a ráthú;
 - (e) an dara hathbhreithniú ar chomhaid a dhéanamh, i gcás inarb infheidhme, trí chomhoibriú na roinne tionscnaimh nó a comharba siúd a iarraidh, nó ar a laghad tríd an roinn sin a chur ar an eolas sula ndíothófar aon chomhaid;
 - (f) cartlanna stairiúla an Choiste a osclaíodh nó atá le hoscailt don phobal a thaisceadh i gCartlann Stairiúil an Aontais Eorpaigh in IOE.

Airteagal 22

Comhfhreagrach bainistíochta doiciméad

1. Ainmneoidh gach roinn den Choiste comhfhreagraí bainistíochta doiciméad chun córas bainistíochta taifead nua-aimseartha agus éifeachtúil a choinneáil ar bun agus chun comhordú a dhéanamh laistigh dá roinn, leis an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus le ranna eile an Choiste.

2. Is é an ról a bheidh ag líonra na gcomhfhreagraithe bainistíochta doiciméad:
 - (a) cur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach an Chinnidh seo laistigh de na ranna a áirithiú;
 - (b) déileáil le haon saincheistean a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar gheall ar a chur i bhfeidhm;
 - (c) riachtanais na ranna maidir le bearta oiliúna agus tacaíochta a chomhroinnt.

Airteagal 23

Faisnéis, oiliúint agus tacaíocht

Déanfaidh an roinn den Choiste atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, i ndlúthchomhar leis na ranna atá freagrach as teicneolaíocht faisnéise agus as acmhainní daonna, na bearta faisnéise, oiliúna agus tacaíochta is gá a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo laistigh de na ranna a áirithiú.

Airteagal 24

Treoracha inmheánacha

1. Féadfaidh an tArdrúnaí treoracha inmheánacha a ghlacadh i gcomhar leis an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann agus áiritheoidh sé nó sí go gcuirfear chun feidhme iad.
2. Féadfaidh an tArdrúnaí na cúraimí sin agus cúraimí gaolmhara nach iad a tharmligean chuig an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann agus chuig an oifigeach bainistíochta doiciméad.

Airteagal 25

Digitíú an riaracháin

Déanfaidh an Coiste teicneolaíochtaí, uirlisí agus próisis dhigiteacha a ghlacadh agus a chur chun feidhme maidir le bainistiú taifead agus cartlann chun feabhas a chur ar a éifeachtúlacht agus chun an Coiste féin a chosc ó bheith as alt le claochluithe comhchosúla atá ag tarlú in institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais agus sa tsochaí shibhialta i gcoitinne.

Airteagal 26

Comhroinnt sonraí agus faisnéise íogaire laistigh den Choiste

1. Cuirfear sonraí agus faisnéis ar fáil agus comhroinnfear iad chomh forleathan agus is féidir laistigh den Choiste. Úsáidfear córais agus uirlisí éifeachtacha chun cuardaigh ar shonraí agus ar fhaisnéis a éascú sna stórais leictreonacha oifigiúla uile.
2. D'ainneoin chur i bhfeidhm leathan an phrionsabail a leagtar amach i mír 1, beidh teorainn le comhroinnt faisnéise i gcás comhaid áirithe sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma, ag brath ar íogaireacht an ábhair agus ar na cásanna a bhfuiltear ag déileáil leo, ar chúiseanna a bhaineann le slándáil faisnéise, cosaint sonraí agus rúndacht earnála, amhail saincheistean iomaíochta, imscrúduithe agus leasanna tráchtála, i measc nithe eile.
3. Nuair a mheastar gur gá sin chun a rúndacht a chosaint go héifeachtach, déanfar taifid íogaire neamh-rúnaicmithe a shainaithint trí mharcálacha slándála (i.e. lipéid a chuirtear le faisnéis chun a áirithiú go gcuirfear na bearta slándála iomchuí i bhfeidhm agus lena léirítear leibhéal rúndachta na faisnéise).
4. Glacfaidh an tArdrúnaí freisin, i gcomhar leis na ranna atá freagrach as teicneolaíocht faisnéise, as acmhainní daonna agus as slándáil faisnéise, agus leis an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, treoracha inmheánacha maidir le faisnéis íogair a phróiseáil i dtaca le bainistiú taifead agus cartlann. Cumhdófar bainistiú taifead rúnaicmithe le rialacha sonracha más gá.

*Airteagal 27***Faisnéis, oiliúint agus tacaíocht**

Déanfaidh an tArdrúnaí, i gcomhar leis na ranna atá freagrach as teicneolaíocht faisnéise, as acmhainní daonna agus as slándáil faisnéise agus leis an roinn atá freagrach as bainistiú taifead agus cartlann, na bearta faisnéise, oiliúna agus tacaíochta is gá a chur i bhfeidhm chun cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a áirithiú laistigh de na ranna.

*Airteagal 28***Foráil chríochnaitheach**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Eanáir 2026.

Tionól Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
